Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2016**
**(OR. en)**

**6413/16**

**ECOFIN 137**
**SOC 92**
**BUDGET 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach 2015 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach do 2015.

***Conclúidí ón gComhairle maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí san Aontas Eorpach***

Maidir leis an gComhairle (ECOFIN),

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an "Tuarascáil 2015 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach" ón gCoimisiún, lena ndéantar an cur chuige ilghnéitheach maidir le measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhioscach a nuashonrú agus a líomhadh, bunaithe ar dhúshláin ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil laghdú tagtha ar rioscaí fioscacha sa ghearrthéarma ó Thuarascáil 2012 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach gan riosca ard a bheith ag baint le Ballstát ar bith de chuid an Aontais i measc na 26 Bhallstát a ndearnadh anailís orthu[1]. CUIREANN SÍ IN IÚL, ar an taobh eile, go bhfuil laigí fós ann, i bhfianaise forbairtí a rinneadh le déanaí freisin. Go háirithe, maidir le roinnt Ballstát de chuid an Aontais, is foinsí móra leochaileachta iad na leibhéil arda fiachais nó na leibhéil fiachais atá ag dul i méid, a d'fhéadfadh rioscaí fioscacha a bheith ag gabháil leo i gcás ina dtiocfadh ardú ar an éagobhsaíocht sa mhargadh.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cuireadh anailísiú ar inbhuanaitheacht fiachais san áireamh d'fhonn na conclúidí maidir le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí sa mheántéarma a shaibhriú. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil rioscaí arda meántéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach ag baint le 11 Bhallstát as na 26 Bhallstát a ndearnadh anailís orthu agus go bhfuil meánriosca ag baint le 5 thír, má ghlactar leis nach ndéanfar aon athruithe beartais, go príomha mar thoradh ar leibhéil arda fiachais rialtais, a gcuirtear leo i gcásanna áirithe de dheasca caiteachas poiblí réamh-mheasta a bhaineann le haois.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndealraítear go bhfuil riosca ard fadtéarmach maidir le hinbhuanaitheacht ag baint le tír amháin as na 26 thír, agus go bhfuil meánriosca ag baint le 14 thír, go príomha mar gheall ar an gcostas réamh-mheasta ar aosú, atá ag dul i méid. AITHNÍONN SÍ nach mór an táscaire fadtéarmach a mheas i gcomhar leis na táscairí inbhuanaitheachta eile, go háirithe toisc nach n-ionchorpraítear leis aon cheanglas ar leith maidir le leibhéil fiachais.

[1] I dTuarascáil 2015 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach déantar anailísiú ar Bhallstáit uile an Aontais nach bhfuil faoi chuimsiú clár maidir le coigeartú maicreacnamaíoch

6. SONRAÍONN SÍ gur cheart rogha iomchuí na mbeartas ina dtugtar aghaidh ar dhushlán na hinbhuanaitheachta fioscaí a leabú i straitéis fhoriomlán thrépháirteach an Aontais chun fiachais rialtais a laghdú, chun táirgiúlacht agus fostaíocht a ardú agus chun córais na bpinsean, an chúraim shláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a athchóiriú, ag brath ar na príomhchúiseanna atá leis na dúshláin shonracha atá ag na Ballstáit. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart leas a bhaint as na hamhantair a eascraíonn as rátaí ísle úis go príomha chun cóimheasa fiachais a laghdú nó chun an éifeacht atá ag boilsciú íseal leanúnach ar an gcóimheas fiachais a chúiteamh, go háirithe sna Ballstáit sin ag a bhfuil fiachas ard rialtais, agus freisin, b'fhéidir, i gcás infheistíochtaí nó athchóirithe struchtúracha, ag brath ar sheasamh fioscach na tíre.

7. CUIREANN SÍ IN IÚL, maidir leis na Ballstáit, fiú i gcásanna ina dtugtar rioscaí ísle meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach le fios leis an anailís a dhéanann an Coimisiún, go gcaithfidh siad seasamh fioscach inbhuanaithe a áirithiú, lena bhféadfar dul i ngleic le suaití a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an timthrialla eacnamaíoch, i gcomhréir leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá cloí le rialacha fioscacha an Aontais, lena n-áirítear an riail maidir le fiachas, d'fhonn leibhéil inbhuanaithe fiachais a áirithiú.

8. CUIREANN SÍ IN IÚL, i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach, go mbíonn tionchar mór dearfach ag athchóirithe cuimsitheacha ar inbhuanaitheacht fioscach fadtéarmach, mar is léir ó Thuarascáil 2015 maidir le hAosú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le leanúint de ghníomhaíocht iomchuí beartais maidir leis na réimsí go léir a bhaineann le haois, agus cásanna a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith á dtabhairt ar aird agus bearta lena n-aisiompraítear athchóirithe a rinneadh cheana féin á seachaint. Is éard atá i gceist leis sin na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith agus a eisítear faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh a chur chun feidhme go pras agus go cuimsitheach. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil gá le tuilleadh céimeanna ó na Ballstáit, bíodh is nach ionann an gá sin ó Bhallstát go chéile, chun an aois scoir iarbhír a ardú, lena n-áirítear trí luathfhágáil mhargadh an tsaothair a sheachaint agus tríd an aois scoir, an tréimhse riachtanach ranníocaíochta nó sochair phinsin a ailíniú le hionchas saoil. Ina theannta sin, agus í ag meabhrú di a Conclúidí den 7 Nollaig 2010, IARANN SÍ ar na Ballstáit cothromaíocht a aimsiú idir an gá le cúram sláinte uilíoch agus le cúram fadtéarmach a bheidh ag méadú sna blianta amach romhainn agus an gá atá le leibhéil arda an fhiachais phoiblí a laghdú. Aibhsítear leis an méid sin an gá atá le feidhmíocht córais cúram sláinte agus le feidhmíocht córais cúram fadtéarmach a mheasúnú agus an gá atá leis na hathchóirithe riachtanacha a dhéanamh chun cáilíocht an airgeadais phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le húsáid níos éifeachtúla a bhaint amach i leith acmhainní poiblí agus freisin d'fhonn ardchaighdeán a bhaint amach maidir le cúram sláinte agus le cúram fadtéarmach a chur ar fáil.

9. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, go háirithe orthu siúd a gcinntear ina leith go bhfuil riosca ard meántéarmach maidir le hinbhuanaitheacht ag baint leo, aird a dhíriú ar straitéisí fioscacha a bheidh dírithe ar inbhuanaitheacht agus ar fhás ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú atá ar na bacáin; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún na torthaí sin maidir le hinbhuanaitheacht a chur san áireamh san anailís agus sna moltaí a dhéanann siad faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh. Leanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún de mheasúnú rialta a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na forbairtí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, lena n-áirítear trí fhorbairtí nua a chur san áireamh i gcoinníollacha maicreacnamaíocha, i mbeartais fhioscacha agus in athchóirithe struchtúracha, go háirithe i réimsí a bhaineann le córais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an measúnú foriomlán cuimsitheach a dhéanann sé ar bhonn rialta ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a dhéanamh faoi thús 2019, agus leas á bhaint as réamh-mheastacháin airgeadais a bhaineann le haois i dTuarascáil 2018 maidir le hAosú atá le teacht, agus idir an dá linn nuashonrú á dhéanamh ar bhonn rialta ar mheasúnú inbhuanaitheachta an Choimisiúin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit,i dtaca leis an tuarascáil maidir le hAosú, tuilleadh anailíse a dhéanamh ar fhorbairtí déimeagrafacha nua, lena n-áirítear an tionchar atá ag sreabhadh mór imirce ar choinníollacha maicreacnamaíocha agus ar airgeadas poiblí. Ba cheart don Choiste um Beartas Eacnamaíoch tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ar bhonn an mheasúnaithe fhoriomláin chuimsithigh.